# An Eoraip a Fhorbairt i gcomhar le Comhairleoirí Áitiúla

## AN FEASACHÁN

Sa cheathrú heagrán den fheasachán An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla (BELC), tá ríméad orainn scéala a roinnt faoin mborradh as cuimse atá tagtha ar líonra BELC.

Tá breis is **1,000 ball** go hoifigiúil ag BELC – léiriú ar an díograis atá ann, agus atá ag dul i méid, an ról atá ag an rialtas áitiúil le spriocanna an Aontais a chur in iúl a láidriú.

Chomh maith leis sin, tá fáilte curtha againn roimh bhaill ón tSualainn den chéad uair, agus leis an dul chun cinn sin, tá garsprioc eile bainte amach againn. **Láithreacht BELC i ngach Ballstát den Aontas.** Léiríonn an éacht seo ár dtiomantas comhpháirteach chun comhoibriú a spreagadh agus eolas a mhalartú i measc comhairleoirí áitiúla ar fud na hEorpa.

Agus tú ag léamh an eagráin seo, gheobhaidh tú léargais thuisceanacha ar na Toghcháin Eorpacha, a thionólfar go luath, ar réimse shaibhir imeachtaí agus seimineár gréasáin, chomh maith le sraith dea-chleachtas arna roinnt ag baill urramacha BELC.

**1,000+** ball BELC

**500** cláraithe ar Futurium

**180** réigiún clúdaithe

## Na 5 cinn d'ábhar AE is mó suime i measc bhaill BELC go dtí seo:

- Deiseanna eacnamaíochta i gceantair thuaithe, deiseanna d'fheirmeoirí óga san áireamh
- Deiseanna a bhaineann le turasóireacht, an éiceathurasóireacht san áireamh
- Rochtain ar oideachas (ar ard-chaighdeán), cuir i gcás oideachas ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus digitiú.
- Luachshocrú ar oidhreacht chultúrtha agus ar thraidisiúin
- Cumarsáid agus plé le páirtithe leasmhara áitiúla agus le saoránaigh (daonlathas rannpháirtíochta)



# #EUelections2024

## an t-eolas ar fad a theastaíonn uait

Tá na toghcháin Eorpacha **ar cheann de na toghcháin dhaonlathacha is mó ar domhan**, agus tá siad ar leac an dorais againn. Ón 6 go dtí an 9 Meitheamh 2024, roghnóidh lucht vótála an Aontais an **720 Ball de Pharlaimint na hEorpa** a thabharfaidh guth dóibh go ceann 5 bliana eile. A luaithe a bhíonn sí bunaithe, toghann Parlaimint na hEorpa Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ceadaíonn sí buiséad an Aontais, **agus feidhmíonn sí a cumhacht reachtach iomlán** i gcomhar le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

## Conas vóta a chaitheamh i do thír féin

Rialaítear an toghchán faoi rialacha coiteanna de chuid an Aontais, ach d'fhéadfadh forálacha agus nósanna imeachta náisiúnta ar leith a bheith ann (mar shampla, méid na dtoghcheantar, aois vótála agus dátaí toghcháin laistigh de thréimhse ama ar leith).

Is féidir leat **an chaoi a n-oibríonn an toghchán i do thír féin** a fhiosrú anseo..

## Tá tábhacht le do ghuth, bíonn muid ag brath ortsa!

Tá sé tábhachtach an scéal a scaipeadh, daoine eile a spreagadh chun vóta a chaitheamh agus eolas a roinnt ar an leibhéal áitiúil chun rannpháirtíocht toghcháin a fheabhsú. ***Conas is féidir leat páirt a ghlacadh?*** Cláraigh leis an ardán together.eu.

Is é an bealach is fearr chun saoránaigh a spreagadh páirt a ghlacadh sna toghcháin Eorpach na torthaí follasacha atá bainte amach ag an Aontas le 5 bliana anuas agus mar a chuir siad feabhas ar an saol do dhaoine ó lá go lá a léiriú. Chuige sin, **gheobhaidh baill BELC ábhair dhigiteacha go luath** chomh maith le cur síos **ar an méid atá bainte amach ag an Aontas** i dtaca le deich n-ábhar mar shampla an Comhaontú Glas don Eoraip atá uaillmhianach, Deacáid Dhigiteach na hEorpa, infheistíocht i rathúnas na hEorpa agus Aontas níos cothroime agus níos ionchuimsithí a fhorbairt. Cuirfidh na hacmhainní sin ar **chumas comhairleoirí dul i mbun rannpháirtíocht éifeachtach** sa phobal.

Sin é i mbeagán focal. Tá tuilleadh eolais le fáil ar Futurium, faoi **Toghcháin Eorpacha 2024.**

# Dea-chleachtais bhaill BELC




Le linn cruinniú de chomhairle an chomhphobail an 5 Nollag 2023, rinne **Bernard Devic**, ball de BELC ó **Le Grand Narbonne** in **Occitanie na Fraince**, óstáil ar phlé tábhachtach faoi na toghcháin Eorpacha atá romhainn. Leagadh béim ar an mbealach ar féidir leis na líonraí éagsúla Eorpacha – mar shampla Gluaiseacht na hEorpa, Tithe na hEorpa, Ensemble.ue, Eurodesk Occitanie agus Cumann Eacnamaíochta na nÓg Occitanie – ullmhú dóibh.

Is iad Oifig Pharlaimint na hEorpa agus Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh sa Fhrainc chomh maith leis an ionad EUROPE DIRECT in Occitanie a d'eagraigh an cruinniú i gcomhar le chéile. I gcomhar le baill eile de BELC, beidh ról tábhachtach acu i dtaca le gníomhaíochtaí cumarsáide a bheidh dírithe ar shaoránaigh an Aontais roimh na toghcháin Eorpacha i mbliana.

Chuaigh **EUROPE DIRECT Alentejo Central e Litoral, An Phortaingéil** i gcomhar le baill BELC an Leas-Mhéara **Tiago Salgueiro** ó Vila Viçosa agus an Méara **Marta Prates** ó Reguengos de Monsaraz chun sraith físeán a dhéanamh a bhfuil sé mar aidhm leo dul i bhfeidhm ar dhaoine chun suntas a thabhairt dá gcuid ceantar bardasach féin, dá gcuid leasanna a bhaineann leis an Aontas, agus dá gcuid rannpháirtíochta sa líonra BELC. Téigh chuig a **leathanach oifigiúil Facebook** chun breathnú ar na físeáin.

D'eagraigh **Marco Bittner**, ball BELC ó Calp na Spáinne, plé bríomhar le daltaí idir 12 - 16 bliana d'aois maidir leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe, dar teideal '**Ag foghlaim faoi Chlár Oibre 2030 le Déagóirí ó Calp**'. Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh ní hamháin feasacht a ardú faoin tionchar atá againn ar an bpláinéad, ach freisin chun spiorad na hEorpa a chothú i ndaltaí.

**Tabhair cuairt ar an roinn úrnua Dea-Chleachtais ar shuíomh idirlín BELC** chun tuilleadh eolais a fháil ar thuilleadh tionscnamh a bhaineann le heolas ar an Aontas Eorpach atá BELC a chur i láthair ar an leibhéal áitiúil!

an tAontas Eorpach

# Imeachtaí agus tionscnaimh de chuid an Aontais

## Bunaíodh comhoibriú fiúntach le linn na traenála in Ionad EUROPE DIRECT i mBúcairist

An 30 agus an 31 Eanáir, tugadh cuireadh do bhaill BELC **Andrei Iordanescu** ón Rómáin agus Mojca Erjavec ón tSlóivéin páirt a ghlacadh i dtraenáil ionaid EUROPE DIRECT i **mBúcairist** den chéad uair.

Le linn an imeachta, tharraing Stiúrthóir AS COMM **Richard Kuehnel** aird ar an ról tábhachtach atá ag baill BELC mar chomhpháirtithe ag na hionaid EUROPE DIRECT, ag rá:

***Cleachtadh ar éirigh go maith leis is ea an ceann a bhain le taispeáint Staid an Aontais agus ba cheart tuilleadh tionscnamh den chineál sin a dhéanamh arís. Ba cheart gur chuig baill BELC a rachfaí nuair a bheadh díospóireachtaí á n-eagrú faoin Eoraip, go háirithe i mbardais bheaga.***

Spreagtar baill BELC chun dul i gcomhairle le hionaid **EUROPE DIRECT** chomh maith le líonraí eile de chuid an Aontais ina réigiún.



Andrei Iordanescu, An Rómáin agus Mojca Erjavec, An tSlóivéin

## Bí linn ag 10ú Cruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha

Reáchtálfaidh Coiste Eorpach na Réigiún **10ú Cruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha** an 18 agus an 19 **Márta 2024.** Reáchtálfar an cruinniú sin i gceantar álainn Mons, sa Bheilg, agus is deis iontach a bheidh ann a bheith páirteach i gcomhthionól ar leith, áit a dtagann ionadaithe tofa áitiúla agus réigiúnacha, baill BELC san áireamh, le chéile chun tuairimí a roinnt i dtaca le todhchaí an Aontais.

# Pobal BELC a neartú

## Seimineáir ghréasáin théamacha

Reáchtáladh an dara agus an tríú heagrán den seimineár gréasáin **'Ag obair le chéile chun na toghcháin Eorpacha a thabhairt gar do na daoine'** an 25 Eanáir agus an 15 Feabhra faoi seach. Bhí baill i láthair ag na himeachtaí ilteangacha seo ó na líonraí BELC agus EUROPE DIRECT. Thug saineolaithe de chuid an Choimisiúin léargais ar na hacmhainní atá ar fáil chun cabhrú eolas faoi na toghcháin a thabhairt go héifeachtach do na pobail áitiúla, rud a chothaíonn timpeallacht níos gníomhaí agus níos daonlathaí.

An 18 Eanáir, chuir foireann an Choimisiúin Eorpaigh an **tairseach athchóirithe 'Cloisimis uait!'** i láthair chomh maith **leis an ardán nua Rannpháirtíocht na Saoránach** agus an **Painéal Saoránach Eorpach a bheidh ann go luath**, trí chur i láthair an-eolasach ar líne. Bhí uirlisí riachtanacha ag baill líonraí BELC agus EUROPE DIRECT chun gníomhaíochtaí i dtaca le rannpháirtíocht saoránach a eagrú ar an leibhéal áitiúil.

An 12 Feabhra, bhí breis agus **150 ball i láthair don seimineár gréasáin ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh** rud a thug deis iontach do chomhairleoirí áitiúla eolas a fháil go díreach ó shaineolaithe de chuid an Choimisiúin ar cheann de na beartais is suntasaí ar chlár an Aontais.


Reáchtáiltear seimineáir ghréasáin eile go rialta ar ábhair an Aontais ar suim le comhairleoirí áitiúla iad, mar shampla **an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** (RRF) agus a cur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, agus **Comhshocrú an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann**, agus seimineáir eile. Téigh chuig **Futurium** chun tuilleadh eolais a fháil.

## Seimineáir ghréasáin fáiltithe

Cuireadh fáilte le déanaí ag seimineáir ghréasáin roimh bhaill nua de BELC san Iodáil, sa Spáinn, agus ar fud an Aontais. I mí Feabhra, chuir 45 bhall ón Iodáil, 46 bhall ón Spáinn, agus 86 bhall ó 18 dtír san Aontas eolas ar ghníomhaíochtaí BELC agus ar sheirbhísí tiomanta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, amhail cuairteanna staidéir chuig an mBruiséil, ábhair a bhaineann le cúrsaí an Aontais, tacaíocht ó na hionaid EUROPE DIRECT, TEAM EUROPE DIRECT srl. Bhí deis ag rannpháirtithe cúrsaí a phlé le hIonadaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh agus le foireann tacaíochta BELC ina dteanga oifigiúil AE féin.

## Cuairteanna chuig an mBruiséil

Ag tógáil ar an rath a bhí ar na cuairteanna staidéir sa bhliain 2023, leanann baill BELC de thionchar láidir a bheith acu sa Bhruiséil in 2024. An chuairt dheiridh a thug siad ar an mBruiséil in 2023, is i mí na Nollag a bhí sí, agus ba chuairt í a raibh baill ón Rómáin páirteach inti. Ina dhiaidh sin, rinne baill ón nGearmáin plé ar oibríochtaí institiúidí an Aontais i mí Eanáir, agus bhí cruinniú ag an gCoimisinéir Daonlathais agus Déimeagrafaíochta, **Dubravka Šuica,** le baill ón gCróit agus ón tSlóivéin.



Baill na Gearmáine ar cuairt chuig an mBruiséil


Cuairt bhaill BELC ón bhFrainc, ón mBeilg agus ón Ísiltír ar an mBruiséil

I mí Feabhra, chuaigh Ard-Stiúrthóir AS na Cumarsáide **Dana Spinant** i gcomhairle le toscaireacht na Fraince, agus chuir an Feisire **Domènec Ruiz Devesa** agus **Jaume Duch Guillot**, Ard-Stiúrthóir na Cumarsáide agus urlabhraí do Pharlaimint na hEorpa, fáilte roimh ghrúpa comhairleoirí ón Spáinn,. Idir an dá linn, tá baill ón Iodáil, ón tSlóvaic agus ón nGréig ag réiteach dá gcuairt chuig an mBruiséil i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin.

# Cúinne na mBall

Déanaigí [Lá na hEorpa] a cheiliúradh in éineacht linn an 9 Bealtaine, ceiliúradh speisialta ar shíocháin agus ar aontacht ar fud na hilchríche. I mbliana, iarraimid go speisialta ar bhaill BELC **ceannasaíocht a ghlacadh i dtaca lena gcuid imeachtaí féin a eagrú**, agus spiorad an phobail agus comhfhéiniúlacht Eorpach a chothú ina réigiún. Is comhpháirtithe luachmhara iad do chuid ionad áitiúil EUROPE DIRECT i dtaca lena chinntiú go mbíonn rath ar na tionscnaimh seo.

Bain **leas as an léarscáil** seo chun teacht ar an ionad is gaire duit agus ar dheiseanna spreagúla comhoibrithe!

## Futurium: Seo chugat an spás 'Buail le baill BELC'

Cuir eolas ar do spás nua in Futurium, **Buail le baill BELC**, áit ar féidir leat tú féin a chur in aithne, d'fhís a roinnt, agus ceangal fiúntach a chothú le comhbhaill BELC.

**Cláraigh ar Futurium anseo mura bhfuil sin déanta cheana agat**.

Mar bhaill den líonra, is leatsa an t-ardán Futurium! Is ann is féidir leat teacht ar **ábhar ón Aontas maidir le gnóthaí an Aontais,** ar eolas faoi **sheimineáir ghréasáin ar bheartais an Aontais** chomh maith leis an g**caoi a dtéann tú i ngleic le gnóthaí an Aontais laistigh de do thoghcheantar.**

Labhair do theanga féin; Cabhróidh an t-aistriúchán uathoibríoch leat idirghníomhú le baill eile.

Má tá aon cheist agat, tabhair cuairt ar an suíomh idirlín **An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla** féach na **Ceisteanna Coitianta** nó téigh i dteagmháil linn ag **info@eu-councillors.eu**

An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla